# CINNEADH (AE) 2021/1250 ÓN gCOMHAIRLE

## an 26 Iúil 2021

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, i gceangal le Comhaontú LEE (An Ciste Eorpach Cosanta)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3), Airteagal 182(4), Airteagal 183 agus Airteagal 188(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ("Comhaontú LEE") i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Prótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse ("Prótacal 31"), i gceangal le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Tá Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, i gceangal le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE ([4]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
([3]) Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).
([4]) Féach doiciméad ST 10693/21 ar http://register.consilium.europa.eu.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Iúil 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. DOVŽAN